

Tuairisc ar an Máistir Gairmiúil san Oideachas (MGO), Iúil 2020

Cruinniú den Choiste Comhairleach um Polasaí don Oideachas Gaeltachta

7 Iúil 2020

Cruinniú Webex ar líne

Dhún muid doirse ar an Déardaoin Márta 12, agus tháinig an dianghlasáil aniar aduaidh orainn, ach an oiread le 'chuile inistitiúid oideachais. Tá an t-ádh linn go bhfuil taithí againn ar a bheith ag teagasc ar líne agus go raibh iPad pearsanta ag gach duine dár múinteoirí faoi oilúint. Rinne muid go leor cuairteanna socrúchán scoile i gcian, i mí an Mhárta, a chuidigh go mór linn, go háirithe le rang na dara bliana. Bhí muid in ann teagmháil rialta a choinneáil leis na mic léinn agus measúnú deireadh bliana a dhéanamh ar líne.

Rinne muid go leor oibre i mbliana le poiblíocht a dhéanamh ar an gclár, idir bholscaireacht ar líne agus cuairt a thabhairt ar roinnt inistitiúidí timpeall na tíre, le labhairt le mic léinn i mbliain dheiridh na céime. I ndiaidh dúinn os cionn 50 iarratasóir a chur faoi agallamh, ní raibh ach 26 iarratasóir a bhain an tairseach amach le tairiscint a fháil ar chóras iontrála PAC (Postgraduate Applications Centre). In áit an chaighdeán a íslíú agus glacadh le hiarratasóirí a bhí ar an liosta feithimh, d'oscail muid an córas in athuir. Cinneadh iontach a bhí anseo dúinn agus d'éirigh linn iarratasóirí d'ardchaighdeán a mhealladh, nach ndearna iarratas i mbabhta 1. Tá súil againn go mbeidh 31 ag tosú linn i mbliana (tá 31 tar éis an éarlais a íoc). Dea-scéala é seo don chlár áit go mbeidh an líon is airde ariamh againn ar an MGO an bhliain seo chugainn N=63 (MGO1 31, MGO2 32). Breathnaigh faoi iamh tábla le figiúirí MGO ó 2017 - 2020.

Ní bheidh OÉ Gaillimh ag oscailt doirse do mhic léinn i seimeastar 1. É sin ráite, tá iarratas déanta againn coicís 'iondúchtú' a dhéanamh ar champas le MGO1 ag deireadh mhí Mheán an Fhómhair. Tá súil againn díriú isteach ar an dteagasc praiticiúil sa choicís seo agus na múinteoirí faoi oilúint a réiteach don socrúchán scoile. Bainfear úsáid as an bhfoghlaím chumaisc, den chuid is mó an bhliain seo chuagainn, chomh maith le cian-chuairteanna socrúchán scoile. Tá an dréacht fhéilire faoi iamh.

Tá an bheirt mhúinteoirí atá ar iasacht ón Roinn ag tosú ar an gceathrú bliain linn i mbliana. Is mór an cúnamh agus tacaíocht iad, go háirithe le líon na mac léinn ar an gclár ag ardú.

Tá maoiniú faighte againn ó COGG le tús a chur le dhá thogra taighde.

- (i) Soláthar Múinteoirí Ábhar do na hIarbhunscóileanna LánGhaeilge & Gaeltachta 2014 - 2020: Athbhreithú agus staidéar comparáideach le taighde 2015
- (ii) Cá bhfuil na múinteoirí don earnáil Ghaeloideachais? Iniúchadh ar 'Scoil Céad Sprice' céimithe an MGO (Máistir Gairmiúil san Oideachas) 2016 - 2019

Is iad Seán Ó Grádaigh agus Clíona Murray a bheidh i mbun an taighde seo.

Impleachtaí Covid_19

Earcaíocht 2020/21

Dearadh an Chláir 2020

Múinteoirí ar Iasacht

Tograí Taighde

DréachtFhéilire MGO 2020/2021

Eochair	
	Léachtaí
	Saoire / Staidéar
	Socrúchán Scoile

	Dáta (Luan dar tús...)	Bliain 1	
1	Lún. 21ú 2020		Socrúchán Scoile (5 Seachtaine)
2	Lún. 31ú		
3	M.F. 7ú		
4	M.F. 14ú		
5	M.F. 21ú	Ionduchtú ar champas	
6	M.F. 28ú	Ionduchtú ar champas	Ceardlanna ar líne
7	D.F. 5ú	Ceardlanna ar Líne	Ceardlanna ar líne
8	D.F. 12ú	Ceardlanna ar Líne	Ceardlanna ar líne
9	D.F. 19ú	Socrúchán Scoile (4 Seachtaine)	Coicís ar Champas
	D.F. 26ú	Briseadh Lár-téarma	Coicís ar Champas
10	Samh. 2ú		Briseadh Lár-téarma
11	Samh.9ú		
12	Samh 16ú		
13	Samh 23ú	Ar Champas (3 Seachtaine)	
14	Samh 30ú		
15	Nollaig 7ú		Seachtain Staidéir / Taighde
	Nollaig 14ú		Saoire na Nollag

	Nollaig 14ú	Saoire na Nollag	
16	Eanáir 4ú 2020	Socrúchán Scoile (4 Seachtaine)	Seachtain Staidéir / Taighde
17	Eanáir 11ú		Socrúchán Scoile (10 Seachtaine)
18	Eanáir 18ú		
19	Eanáir 25ú		
20	Feabhra 1ú	Ar Champas (4 Seachtaine)	
21	Feabhra 8ú		
	Feabhra 15ú		Briseadh Lár-téarma
22	Feabhra 22ú	Briseadh Lár-téarma	
23	Márta 1ú		
24	Márta 8ú	Socrúchán Scoile (5 Seachtaine)	
25	Márta 15		
26	Márta 22		
27	Márta 29ú		Seachtain Staidéir / Taighde
	Aib. 5ú - 17ú	Saoire na Cásca	
28	Aib. 19ú		Measúnuithe / Scrúduithe
29	Aib. 26ú		Spriodhata don togra taighde
30	Bealtaine 3ú		
31	Bealtaine 10ú	Measúnuithe / Scrúduithe	
32	Bealtaine 17ú	Spriodhataí / tascanna	

Figióirí an MGO 2017-2020

Bliain	Líon Scoláirí ar an gclár MGO Bliain 1	Líon Scoláirí ar an gclár MGO Bliain 2	Céimithe
2017/18	28	24	25
2018/19	29	25	24
2019/20	33	27	25
2020/21	31	32	27
Tuar 2021			32

* Idir MGO1 agus MGO2, beidh 63 mac léinn ar an gclár againn i mbliana.